# Droichead - Oiliúint Mothúchán- Iar-bhunscoil

| Sracfhéachaint |
|---|
| *'Is é atá i gceist le hoiliúint mothúchán cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar na mothúcháin éagsúla a bhíonn acu, cén fáth a dtarlaíonn siad agus conas iad a láimhseáil.'*<br><br>(John Gottman, 1996) |

| Beagán níos mó faisnéise |
|---|
| Dar le John Gottman (2011), tá ceithre bhealach ann chun déileáil le mothúcháin linbh:<br>● Diúltú mothúchán: neamhaird a thabhairt ar mhothúchán an linbh<br>● Cur in aghaidh mothúchán: is comhartha laige iad mothúcháin agus níor cheart iad a mhothú<br>● Laissez-Faire: tá ionbhá á léiriú le mothúchán an linbh ach níltear ábalta treoir a thabhairt don leanbh chun an mothúchán a láimhseáil<br>● Oiliúint Mothúchán (OM): straitéis ar bhonn fianaise, atá bunaithe ar shaothar John Gottman, chun cabhrú leis an leanbh na mothúcháin a bhíonn aige/aici ag tráth áirithe a bhainistiú. Aithníonn OM go bhfuil gach mothúchán inghlactha, ach nach bhfuil gach iompraíocht inghlactha. Is cúnamh é chun an leanbh a chomhrialú ionas gur féidir leis/léi féinrialú a fhoghlaim. |


| Na céimeanna a bhaineann le hoiliúint mothúchán |
|---|
| 1. Mothúcháin an linbh a aithint agus ionbhá a léiriú: "Feicim go bhfuil fearg mhór ort faoi láthair". Mar thoradh air sin, mothaíonn an leanbh go bhfuil sé/sí 'feicthe'. |


CC BY NC

2. Na mothúcháin a dhearbhú agus a lipéadú: “Tá sé ceart go leor má tá frustrachas ort. Is am deacair é seo duit”. Nuair a thugtar ainm ar an mothúchán go soiléir, táthar ag cuidiú leis an leanbh an inchinn agus an córas limbeach a rialú agus a athcheangal.

3. Teorainneacha iompraíochta a shocrú (más gá): “Tá gach mothúchán ceart go leor, is é a ndéanaimid leo an rud is tábhachtaí”. Cuidíonn an chéim seo leis an leanbh foghlaim faoin iompraíocht chuí — cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha ó thaobh na hiompraíochta de.

4. Fadhbanna a réiteach leis an leanbh: “Bhí tú trí chéile mar...an raibh bealach eile ann chun déileáil le do mhothúcháin”? Faigheann an leanbh tuiscint ar ‘fáth’ an mhothúcháin agus tugtar bealaí éagsúla dó/di leis an mothúchán a láimhseáil amach anseo

| Tuilleadh eolais | |
|---|---|
| **Leabhair** | **Suíomhanna Gréasáin** |
| <br><br>Raising an Emotionally Intelligent Child ‘The Heart of Parenting’<br>*John M. Gottman, Joan DeClaire* | https://www.emotioncoachinguk.com/ |